Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte chun painéal a bhunú don ról

**Cúntóir Eispéiris na gCuairteoirí/Treoraí (Conradh ar Théarma Seasta 12 mhí)**

**Ag leibhéal Oifigigh Cléireachais,**

**ag an Taispeántas Seamus Heaney: Éist Anois Arís ag Banc na hÉireann**

**Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta (2 phost)**

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **9 Bealtaine 2025, ag 3pm**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Roinn Acmhainní Daonna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

4 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost careers@nli.ie

Teileafón: (353) 1 6030200 | URL: www.nli.ie/about-us/working-national-library-ireland

**DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ**

Ag tuairisciú don Bhainisteoir ar Dhualgas um Eispéireas na gCuairteoirí, Oifigeach Bunleibhéil, is iad seo leanas na dualgais a bheidh san áireamh don iarrthóir rathúil:

- Fáilte chroíúil agus chairdiúil a chur roimh gach cuairteoir a thagann chuig an taispeántas chomh maith lena chinntiú go gcloítear le haon rialacha atá ann maidir le cuairteoirí;
- Dul i mbun plé go réamhghníomhach leis na cuairteoirí faoin taispeántas agus ceisteanna nó ábhair imní a fhreagairt go dearfach, ag cur saincheisteanna ar aghaidh mar is cuí;
- Dualgais fáiltithe lena n-airítear an láthair fáiltithe a choinneáil glan agus néata;
- Trealamh closamhairc nó aon trealamh cuí eile a oibriú;
- Aiseolas a spreagadh ó chuairteoirí trí suirbhéanna cuairteora a chur i gcrích;
- Dualgais mhiondíola lena n-áirítear stoc a athlíonadh agus comhaireamh airgid an lae agus réiteach go laethúil;
- Turais threoraithe a ullmhú agus a chur ar fáil do ghrúpaí réamháirithe agus don phobal;
- Áirithintí agus riarachán ginearálta a láimhseáil;
- Eolas a chur ar gach gné de thábhacht agus de scéal an tsuímh.

Is treoir ghinearálta é an méid thuas maidir leis an ról agus ní cur síos uileghabhálach é ar dhualgais a bhaineann leis an ról nó leis na cúraimí a d’fhéadfaí a shannadh don ról Cúntóir Eispéiris na gCuairteoirí / Treoraí sa Leabharlann.

**CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA AGUS TAITHÍ RIACHTANACH**

**Bunriachtanais:**

- Cáilíocht Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a comhionann;
- Taithí maidir le seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí i ról poiblí, i dtaitneamhachtaí turasóireachta, láithreáin oidhreachta nó i bhfáilteachas más féidir
- Scileanna chumarsáide den scoth, lena n-áirítear an cumas ceardlanna agus turais a sheachadadh agus a bheith in ann faisnéis scríofa a chur in iúl go líofa agus go gonta
- Scileanna den scoth maidir le hobair na meithle, le taithí fhollasach ag tacú le fhoireann i dtimpeallacht ghnóthach

**Riachtanais Inmhianaithe**

- Eolas ar an nGaeilge nó ar theangacha eile.
- Eolas ar Shéamus Heaney agus ar Fhilíocht na hÉireann.

